

Ábhar

Léiriú ar Ghaeltachtaí na hÉireann

Téacsanna Léitheoireachta

Alt le Breandán Delap faoi dhearcadh an lámhleabhar taistil *The Lonely Planet* ar Ghaeltachtaí na hÉireann.

As an iris www.beo.ie (Feabhra 2010).

Le caoinchead ó eagarthóir www.beo.ie agus ón údar.

Dán le Michael Davitt ‘Meiriceánach sa Daingean’ (as *Fardoras*, Cló Iar-Chonnachta: 2003).

Le caoinchead ó Chló Iar-Chonnachta.

Forbairt Bhreise

Cathal Ó Searcaigh ag aithris an dáin ‘Trasnú’ (as *Ag Tnúth leis an tSolais*, Cló Iar-Chonnachta: 2000).

Le caoinchead ó Chló Iar-Chonnachta.

(mír fuaimne agus téacs)

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d’fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d’fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



Dearcadh an *Lonely Planet* ar Ghaeltachtaí na Tíre

Réamhobair

Beidh tú ag léamh ailt ar ball faoi dhearcadh an lámhleabhair *Lonely Planet* ar Ghaeltachtaí na hÉireann. Sula léifidh tú an t-alt déan an réamhobair thíos.

Plé

- Cad leis a mbíonn turasóirí go hÉirinn ag súil, dar leat?
- Cad é an áit is deise leat in Éirinn? Cad é an áit is measa leat?
- Ar bhain tú úsáid riamh as an treoirleabhar *Lonely Planet*? Má bhain, cad a shíl tú de?
- An dóigh leat gur áit dheas í Éire le saoire a chaitheamh inti? Cén fáth?

Tascanna

- Roghnaigh ceantar nó áit in Éirinn agus scríobh iontráil faoi a bheadh oiriúnach le cuairteoirí a mhealladh ann.
- Forbair pointí a bheadh oiriúnach don díospóireacht (i) gur fiú agus (ii) nach fiú saoire a chaitheamh sa tír seo.

Léamh

Léigh an t-alt agus pléigh na ceisteanna seo:

An aontaíonn an t-údar le breithiúnas an *Lonely Planet* i ngach cás, dar leat? Léirigh do phlé le samplaí.

Cén luach a chuireann an t-údar ar an méid atá á rá sa *Lonely Planet*, dar leat?

Feasacht Teanga

- ‘...idir cháineadh agus mholadh...’

Cén fáth a bhfuil séimhiú sna focail thuas? Pléigh agus ansin tóg amach na lúibíní thíos.

Bhí idir (mic léinn) agus (múinteoirí) i láthair.

Bhí idir (dochtúirí) agus (banaltraí) ag an gcomhdháil.

Beidh mé ag taisteal idir (Corcaigh) agus (Gaillimh) amárach.

Bhí mé ag scríobh aiste idir (meán oíche) agus a ceathair a chlog ar maidin.

- Cuir na focail agus na frásaí seo thíos in abairtí a léireodh a mbrí agus a gceartúsáid.

ráchairt
cé is moite de
tógtha le
curtha ó mhaith
maítear
fiacaíl a chur i rud
dul i ngleic le
rath
lón machnaimh

- Féach ar na frásaí seo as an alt agus ar na cinn eile atá cosúil leo. An bhfuil difear eatarthu? Má tá, cad é? Léirigh le samplaí.

eagrán	eagar	eagarthóireacht	eagrú
is deireanaí	is déanaí		
de bhua	an bua		
dá réir	de réir		
aird	ard	in airde	
buille	buile		
an meán	ar an meán	na meáin	
ar dtús	ag tús		

- An bhfuil difear idir na focail thíos? Má tá, cad é?

strainséara
eachtrannach
cuairteoir
turasóir

- An bhfuil difear idir na frásaí thíos? Má tá, cad é?

san am atá romhainn
sa todhchaí
i mbliana / an bhliain seo

Iarobair

Plé

- ‘...Is mairg le húdair an leabhair go bhfuil Éire na fáilte is na teolaíochta chomh marbh le hArt!...’ An bhfuil ‘Éire na fáilte is na teolaíochta’ chomh marbh le hArt, dar leat?

- ‘...a land of motorways and multiculturalism, planned and developed in between double decaf lattes and time out at the latest spa for a thermal mud treatment...’ An aontaíonn tú leis an ráiteas seo?
- Ar thug tú féin riamh cuairt ar na háiteanna atá luaite san alt? Má thug, cad a shíl tú díobh?

Tascanna

- Tá tú i do chónaí i gceann de na ceantair Ghaeltachta nach raibh an *Lonely Planet* moltach faoi. Scríobh litir chuig *The Irish Times* ag cur do mhíshástachta in iúl.
- Cad iad na míthuiscintí cultúrtha atá ann maidir le hÉireannaigh, dar leat? Scríobh liosta.
- Léigh an dán beag thíos le Michael Davitt. Cén dearcadh i leith na turasóireachta agus i leith chultúr Mheiriceá a léirítear ann, dar leat?

Meiriceánach sa Daingean

‘Bin there,
done that,
bought the Díseart.’

- Roghnaigh tír nó áit ar mhaith leat cuairt a thabhairt uirthi. Scríobh cuntas ag míniú na gcúiseanna gur mhaith leat cuairt a thabhairt uirthi agus déan cur síos ar an áit. Déan roinnt taighde más gá.
- Anois éist leis an dán ‘Trasnú’ á aithris ag Cathal Ó Searcaigh agus déan na tascanna seo bunaithe ar an dán.
 - Cad atá á rá ag an bhfile sa dán seo?
 - An bhfuil aon chosúlachtaí idir an méid atá an file ag cur in iúl agus an méid a léigh tú san alt faoin *Lonely Planet*?
 - Cad é an tionchar a bhíonn ag an domhandú cultúir ar phobail bheaga, dar leat?
 - Cad atá i gceist ag an bhfile sna línte seo: ‘ag Magee-áil ár mbréidín brocach buí / ag Levi-áil ár mbrístí de chorda an rí’?
 - Cad iad na rudaí is fusa duit maidir le dán: an dán a chloisteáil, é a fheiceáil scríofa nó an dá rud?

Téacs

Tá idir cháineadh agus mholadh déanta ar Éirinn san eagrán is deireanaí den treoirleabhar *Lonely Planet*. Tugann Breandán Delap sciúird timpeall ar na ceantair Ghaeltachta le blaiseadh a fháil den mhéid atá scríofa fúthu.

“Oh wad some power the giftie gie us
To see oursel's as ithers see us!”

Robert Burns

Breithiúnas dian go leor atá tugtha ag an treoirleabhar taistil is mó ráchairt ar domhan faoina bhfuil ar fáil don turasóir sa tír seo anois le hais mar a bhíodh dornán blianta ó shin. Siocair an domhandú cultúir is beag difear anois idir sinn agus an chuid eile den Eoraip, a deir *Lonely Planet*, sa dóigh nach bhfuil in Éirinn na linne seo ach *a land of motorways and multiculturalism, planned and developed in between double decaf lattes and time out at the latest spa for a thermal mud treatment*. Is mairg le húdair an leabhair go bhfuil Éire na fáilte is na teolaíochta chomh marbh le hArt!

Ar ndóigh tá sé de bhua ag na húdair go bhfuil siad ag amharc isteach orainn ón taobh amuigh agus gur barúil oibiachtúil trí shúile an eachtrannaigh atá á nochtadh acu. Níor mhiste dá réir sin aird a thabhairt ar a bhfuil le rá acu más mian linn tionscal na turasóireachta a chaomhnú nó a fhorbairt. Rófhurasta a bheadh sé na scríbhneoirí a cháineadh seachas cluas éisteachta a thabhairt don mhéid atá le rá acu.

Maíonn na húdair gurb é an cultúr traidisiúnta an ghné is meallacaí dá bhfuil againn –*it still holds the key to Ireland's draw as a tourist destination*. Cén t-iontas mar sin gur léirmheas thar a bheith fabhrach don chuid is mó atá déanta ar cheantair Ghaeltachta na tíre? Cé is moite den chur síos lom atá déanta ar chorr-áit ar nós An Rinn i bPort Láirge, nach nochtar aon tuairim maith nó olc faoi, ba léir go raibh na húdair thar a bheith tógtha le formhór na gceantar Gaeltachta. Is cinnte go bhfuil lón machnaimh ann dóibh siúd a bhíonn ag déanamh margaíochta ar thurasóireacht chultúir sna ceantair sin.

Ach tá na blianta de chaiteachas ar chur chun cinn na turasóireachta i gceantar Ghaoth Dobhair curtha ó mhaith ag foilsiú an eagrán seo de *Lonely Planet*. Óir is beag strainséara a rachaidh ar saoire ann bunaithe ar an chur síos atá ar an pharóiste sa leabhar seo. Deirtear ann go bhfuil an ceantar loite ag róthógáil agus ag barraíocht tithe saoire: *the coast, dotted with white, sandy beaches, has been overrun by holiday homes...a few hotels are scattered along the roadside and that's pretty much Gweedore*. Ní chuirtear fiacail sa cháineadh a dhéantar ar Chnoc Fola: *Bloody Foreland is a spectacular stretch of coast...or at least it was until holiday homes mushroomed across the horizon*. Maítear go mbíodh cáil tráth den saol ar a áille is a bhí dul faoi na gréine ann ach nach bhfuil ann anois ach *legoland*.

Maítear go bhfuil Na Dúnaibh ar leithinis Ros Goill rófhobartha fosta. Go deimhin deir an leabhar go bhfuil stráicí móra de Chontae Dhún na nGall millte ag easpa pleanála: *cached-up Dublin developers building holiday homes in some of Donegal's most pristine beauty spots. Stretches of coastline have fallen prey to a blitz of bungalows (generally a euphemism for two or three-storey 'McMansion' homes.) These rows of identikit houses have clearly diminished the natural beauty of some parts of the county over the past two decades.* Ar ndóigh, meastar go mbíonn 40% de thithe an chontae folamh don chuid is mó den bhliain, ach is dócha gurb é neart an phunta *sterling* in éadan an euro dornán blianta ó shin a ba chúis go príomha leis an bhorradh i dtithe saoire.

Más buille don turasóireacht é an méid atá ráite faoi Ghaioth Dobhair, tá íomhá ní ba tharraingtí tugtha do pharóiste Gaeltachta eile i ndeisceart an Chontae: *'There's nothing feckin' here,' endearingly blunt locals forewarn visitors to Gleann Cholm Cille. But, with some stunning walks fanning out from the three-pub village, scalloped beaches, an excellent Irish language and culture centre, and a fine little folk museum, chances are you'll disagree.* Tugtar moladh faoi leith don obair atá ar siúl ag Oideas Gael sa cheantar. Cé go ndeir na húdair go gcuirfeadh dreapadh Shliabh Liag eiteoga ar do chroí (*these spectacular polychrome cliffs*) is léir nach bhfuil a leithéid déanta acu féin le tamall anuas agus iad ag maíomh go dtig do charr a thiomáint an bealach uilig go barr an tsléibhe. Ní fíor sin ar ndóigh, mar go nglacfaidh sé ionann is trí uair an chloig an mullach a bhaint amach ón charrchlós i mBun Glas!

Maidir le Conamara, measann údair *Lonely Planet* gurb é *the last refuge* don Ghaeilge é. Déanann an leabhar cur síos beacht ar fhás na meán Gaeilge sa cheantar agus ar na tionscail tinteáin a d'eascair astu: *That spoken Irish is enjoying a renaissance around the country (when posh Dublin parents compete to enrol their kids in Irish-language schools, you know something is up) can be credited in no small part to several media outlets based in Connemara and Galway.* Ach maidir le bóithre cáiliúla Chonamara, a spreag an iomad lúibín ag an Oireachtas, deirtear: *Even Connemara's flattest stretches of road tend to be bumpy due to the uneven bog beneath the tarmac.* Cáinteir an rófhorbairt i mBerna ach deirtear go mbíonn seisiúin mhaithe cheoil i dTigh Hughes ar an Spidéal. Moltar Trá an Dóilín ar an Cheathrú Rua agus áilleacht Chuan Chill Chiaráin go háirithe.

Moltar na trána ar leithinis Bhéal an Mhuirthead i nGaeltacht Mhaigh Eo agus deirtear go bhfuil Poll an tSómais iargúlta ach galánta.

Deirtear gurb áit dhraíochtúil é Guagán Barra i nGaeltacht Mhúscraí. Áiteanna iontach speisialta iad leithinis Chorca Dhuibhne (*the landscape is dramatic, especially in shifting mist*) agus Baile an Sceilg (*as wild and beautiful as anything on Ted's fictional isle*) dar le *Lonely Planet*. Ardmholadh fosta a thugtar do Dhaingean Uí Chúis. Tá tagairt ann don chonspóid a bhain le hainm an bhaile ach deirtear gur mheall an baile daoine cruthaitheacha ó achan chearn den domhan le teacht chun cónaithe ann. Moltar an tírdhreach in iarthar Dhuibhneach go crannaibh na spéire agus moltar Ionad an Bhlascoid Mhóir i nDún Chaoin go

háirithe. Cé nach bhfuil i mBaile an Fheirtéaraigh dar le *Lonely Planet* ach baile beag le roinnt siopaí is tithe tábhairne (*all the essentials really*), rachaidh an turasóir fiosrach caol díreach go Tigh Uí Mhurchú ar an bhaile, áit a bhfuil madra rua i gcás gloine agus piasún ina ghob aige agus é ag breathnú síos ar chainteoirí Gaeilge atá ag ithe béiltí bunúsacha an tí!

Moltar go mór do thurasóirí seal a chaitheamh ar na hoileáin Ghaeltachta. Deirtear go fiú go dtig leat deoch mheisciúil a fháil ar Árainn Mhór Dhún na nGall agus in Inis Meáin na Gaillimhe 24 uair an chloig sa lá! Tugtar *escapist's heaven* ar Oileán Chléire amach ó Chósta Chorcaí.

Cad is féidir linn a fhoghlaim as a bhfuil scríofa san eagrán nuafhoilsithe seo de *Lonely Planet*? I dtús báire, is léir ón leabhar go gcuireann cuairteoirí luach ard ar thraidisiún, ar shaíocht áite agus ar áilleacht aiceanta. Nithe iad seo atá ar fáil go flúirseach i gceantair Ghaeltachta na tíre agus gur fiú a chaomhnú is a fhorbairt. Ar an dara dul síos, caithfear dul i ngleic go mear leis an iomaíocht idir róthógáil agus caomhnú na timpeallachta. Ina dhiaidh sin, beidh rogha éasca le déanamh ag tionscal na turasóireachta anseo; géilleadh do na tuairimí a nochtadh ann nó neamhaird iomlán a dhéanamh díobh agus muinín a chur ina áit sin sa mhéid atá scríofa ina gcuid bróisiúr snasta féinbholscaireachta. Beidh toradh an chinnidh seo le feiceáil sa rath a bheas ar thionscal na turasóireachta sna blianta atá amach romhainn.

As an iris www.beo.ie (Feabhra 2010).

Le caointhead ó eagarthóir www.beo.ie agus ón údar.

Trasnú

le Cathal Ó Searcaigh

Ó, tá muid ag fí ár dtodhchaí as ár ndúchas;
ag Magee-áil ár mbréidín brocach buí,
ag Levi-áil ár mbrístí de chorda an rí,
Ó, tá muid ag fí ár dtodhchaí as ár ndúchas.

Tá muid ar strae
áit inteacht
idir Cath Chionn tSáile
agus an *Chinese takeaway*.
Tá snáithe ár scéil
in aimhréidh
idir Tuirne Mháire agus Fruit of the Loom.
Tá ár gcuid Gaeilge ag lobhadh
le *plaque* an Bhéarla,
cé go sruthlaímid ár dteanga gach lá
i dtobar an dúchais.
Tá ár mbolg thiar ar ár dtóin
i ngorta an éadóchais
is gan de chothú le fáil
lenár dtarrtháil
ach na slisíní seanchais
agus na grabhrógaí grinn
a thit
idir an Greim Gasta agus an Golden Grill.

Tá muid ag fí ár dtodhchaí as ár ndúchas;
ag Magee-áil ár mbréidín brocach buí,
ag Levi-áil ár mbrístí de chorda an rí,
Ó, tá muid ag fí ár dtodhchaí as ár ndúchas.

Tá muid leath-réamhstairiúil
agus leath-*postmodern intertextúil*.
Gheofá muid inniu
go tiubh sa tsiúl
ag buachailleacht *dinosaurs*
le Fionn Mac Cumhaill;
agus amárach thiocfá orainn
ag súgradh go searcúil
le Cáit Ní Queer;
nó teannta go teolaí
i gcluiche *strip poker*
le Méabha Chonnachta.
Amanta eile

i marbhthráth na hoíche
tchífeá ag *joyrideáil*
ar luas na gaoithe,
ag Subaru-áil i Leitir Ceanainn
i gceann de chuid *chariots*
Chú Chulainn.

Tá muid ag fí ár dtodhchaí as ár ndúchas;
ag Magee-áil ár mbréidín brocach buí,
ag Levi-áil ár mbrístí de chorda an rí,
Ó, tá muid ag fí ár dtodhchaí as ár ndúchas.

Tá muid teach ceanntuách
Agus bungaló *mod conach*;
Tá muid seanbhean bhochtach
Agus Marilyn Monroeach;
Tá muid scadán gortach
agus *takeaway microwaveach*;
Tá muid seanscéal báinéach
agus *scoopscéal Sky-ach*;
Tá muid turas an tobaireach
agus *rock 'n roll walkmanach*;
Tá muid dún daingneach
agus *mobile homeach*;
Tá muid carr capallach
agus Vauxhall Cavalier-each;
Tá muid béadán baileach
agus *porn internetach*;
Tá muid báirín breacach
agus *pina colada cheesecakeach*;
Tá muid rince seiteach
agus hócaí pócaí cairiócaíach.

Tá muid ag fí ár dtodhchaí as ár ndúchas;
ag Magee-áil ár mbréidín brocach buí,
ag Levi-áil ár mbrístí de chorda an rí,
Ó, tá muid ag fí ár dtodhchaí as ár ndúchas.

‘Trasnú’ (as *Ag Tnúth leis an tSolas*, Cló Iar-Chonnachta: 2000).
Le caoinchead ó Chló Iar-Chonnachta.